Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 16 Aibreán 2025**

**CM 2438/25**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0078(NLE)**
**2025/0079(NLE)**

**ANTIDISCRIM**
**COCON**
**COHOM**
**COPEN**
**DROIPEN**
**EDUC**
**FREMP**
**JAI**
**MIGR**
**SOC**
**STATIS**

# TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | WP.FREMP@CONSILIUM.EUROPA.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 6219 |
| Ábhar: | - CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Airí Chomhairle na hEorpa i ndáil le síneadh a chur leis an téarma le haghaidh aontachas na Túinéise do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus riaracháin poiblí an Aontais Eorpaigh<br>- CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Airí Chomhairle na hEorpa i ndáil le síneadh a chur leis an téarma le haghaidh aontachas na Túinéise do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus le non-refoulement<br><br>*= Glacadh*<br>*= Cinneadh maidir leis an nós imeachta i scríbhinn a úsáid* |

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2), an 16 Aibreán 2025, an nós imeachta i scríbhinn a úsáid (féach doic. 7900/25), iarrtar oraibh a chur in iúl an aontaíonn sibh le glacadh an mhéid seo a leanas:

a) an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Airí Chomhairle na hEorpa i ndáil le síneadh a chur le téarma aontachais na Túinéise le Coinbhinsiún Iostanbúl, i ndáil le hábhair a bhaineann le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 7653/25 é.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

Agus

b) an Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Airí Chomhairle na hEorpa i ndáil le síneadh a chur le téarma aontachais na Túinéise le Coinbhinsiún Iostanbúl, i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, le tearmann agus non-refoulement, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 7649/25 é.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle **faoi 12.00** CET (am na Bruiséile), **Dé Máirt, an 22 Aibreán 2025**, le ríomhphost chuig WP-FREMP@consilium.europa.eu.

Is tráth a fhreagraítear an cheist ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh.